Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Samhain 2015**
**(OR. en)**

**14447/15**

**SPORT 68**
**EDUC 311**
**JEUN 113**
**SAN 396**

## TORADH NA nIMEACHTAÍ

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 24 Samhain 2015 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13431/15 SPORT 48 EDUC 279 JEUN 91 SAN 353 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le scileanna luaile, gníomhaíochtaí coirp agus spóirt do leanaí a chur chun cinn<br>*- Conclúidí ón gComhairle (an 24 Samhain 2015)* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn na Conclúidí ón gComhairle maidir le scileanna luaile, gníomhaíochtaí coirp agus spóirt do leanaí a chur chun cinn, a ghlac an Chomhairle ag an 3428ú cruinniú dá cuid a bhí ar siúl an 24 Samhain 2015.

# Conclúidí ón gComhairle maidir le scileanna luaile, gníomhaíochtaí coirp agus spóirt do leanaí a chur chun cinn[1]

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AGUS IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT

I. AG MEABHRÚ DÓIBH AN CÚLRA POLAITIÚIL, MAR A LEAGTAR AMACH SAN IARSCRÍBHINN É, AGUS AN MÉID A LEANAS

1. Conclúidí ón gComhairle an 27 Samhain 2012 maidir le gníomhaíocht fhholláin choirp a chur chun cinn. (HEPA)”[2] lena gcuirtear i bhfios go láidir "*agus tairbhí na gníomhaíochta coirp á gcur san áireamh i ndáil leis an gcosc, le cóir leighis agus leis an athshlánú, is léir í a bheith tábhachtach ag gach aois"*.

2. I ndáil leis an Moladh ón gComhairle an 26 Samhain 2013 maidir le gníomhaíocht fholláin choirp a chur chun cinn ar fud na n-earnálacha[3], lenar iarradh ar na Ballstáit beartais trasearnála agus straitéisí comhtháite a fhorbairt lena mbaineann na hearnálacha spóirt, oideachais, sláinte, iompair, comhshaoil, pleanála uirbí agus earnálacha ábhartha eile, cuirtear an méid seo a leanas i bhfios go láidir leis "*Féadfaidh an corpoideachas a bheith ina uirlis éifeachtach chun feasacht a mhéadú i dtaobh thábhacht HEPA, agus féadfar díriú go héasca agus go héifeachtach ar scoileanna chun gníomhaíochtaí a chur chun feidhme i ndáil leis sin.*".

1 I gcomhthéacs na gConclúidí reatha, tagraíonn "leanaí" do pháistí ó aois 0-12.
2 IO C 393, 19.12.2012.
3 IO C 354, 4.12.2013.

3. An dara Plean Oibre Eorpach don Spórt (2014-2017)[4], a glacadh an 21 Bealtaine 2014, lenar sainaithníodh an cleachtas chun an tsláinte a fheabhsú trí ghníomhaíocht choirp chomh maith leis an oideachas agus oiliúint i gcúrsaí spóirt mar thosaíochtaí do chomhar Aontais Eorpaigh i réimse an spóirt agus lenar bunaíodh an sainghrúpa ar HEPA chun moltaí a dhéanamh chun corpoideachas a spreagadh i scoileanna, lena n-áirítear scileanna luaile sa luathóige, agus chun caidreamh luachmhar a chothú le hearnáil an spóirt, leis na húdaráis áitiúla agus leis an earnáil phríobháideach.

II. AITHNÍONN SIAD AN MÉID SEO A LEANAS

4. Tá aitheantas tugtha le fada an lá ag an gcomhphobal idirnáisiúnta don tábhacht a bhaineann leis an súgradh agus leis an áineas i saol gach leanbh. Luann Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (UNCRC) 1989 go sainráite in Airteagal 31 go "n-aithníonn Páirtithe Stáit go mbeidh an ceart ag leanbh a scíth a ligean agus páirt a ghlacadh i bhfóillíocht, súgradh a dhéanamh agus a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí áineasa atá iomchuí d'aois an linbh agus a bheith rannpháirteach sa saol cultúrtha agus sna dána." Ní mór gach gníomhaíocht do leanaí, lena n-áirítear gníomhaíochtaí spóirt agus corpoideachas, a dhéanamh i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh.

5. Léiríodh sna Treoirlínte ón Aontas maidir le Gníomhaíocht Choirp[5] go bhfuil athrú tagtha ar nósanna laethúla leanaí óga le blianta beaga anuas de bharr phatrúin nua fóillíochta (teilifís, an t-idirlíon, cluichí ríomhaireachta, fóin chliste srl.) agus go bhfuil laghdú tagtha ar a ngníomhaíocht choirp mar gheall air sin. Féadfar srianta ama, sóisialta agus buiséadacha, athruithe sa nós maireachtála agus ganntanas áiseanna iomchuí spóirt a chur san áireamh ina theannta sin chun an treocht seo a mhíniú. Cuireadh i bhfáth sna treoirlínte ón Aontas gur ábhar mór imní é go bhféadfadh sé go bhfuil gníomhaíochtaí neamhghníomhacha tagtha in ionad na gníomhaíochta coirp i measc leanaí agus daoine óga.

4 IO C 183, 14.6.2014.

5 Treoirlínte an Aontais Eorpaigh maidir le Gníomhaíocht Choirp: Gníomhaíochtaí Beartais Molta Chun Tacú le Feabhas a Chur ar Ghníomhaíocht Choirp don tSláinte. (2008) Ba dhíol sásaimh iad agus luadh sin sna conclúidí ón Uachtaránacht a eisíodh tar éis cruinniú Neamhfhoirmiúil a bhí ag Airí an Aontais atá freagrach as Cúrsaí Spóirt. http://ec.europa.eu/sport/library/doc/c1/pa_guidelines_4th_consolidated_draft_en.pdf

6. In ainneoin go mbíonn leanaí gníomhach go fisiciúil go ginearálta, tá laghdú ar a ngníomhaíocht choirp le fiche bliain anuas. Tharla an t-athrú sin ag an am céanna le méadú ar fhadhbanna sláinte i measc daoine óga a bhaineann leis an rómheáchan agus le murtall nó míchumais fhisiceacha amhail neamhoird mhatánchnámharlaigh. De réir meastacháin ón Tionscnamh um Fhaireachas ar Mhurtall i measc Leanaí (COSI) ó EDS, bhí páiste amháin as gach triúr san aoisghrúpa 6-9 san Aontas Eorpach róthrom nó murtallach sa bhliain 2010[6]. Tá an méadú sin ina ábhar imní **ó** 2008, nuair a measadh go raibh páiste amháin as gach ceathrar amhlaidh.[7] I dtíortha tionsclaithe, i gcás leanaí faoi bhun aois 5, tá méadú tagtha ar an ráta díobh atá róthrom nó murtallach ó 8% i 1990 go 12% in 2010 agus táthar ag ceapadh go n-ardóidh an ráta sin go 14% faoi 2020[8]. Bíonn droch-éifeachtaí ag an easpa gníomhaíochta coirp ar chórais sláinte agus ar an ngeilleagar trí chéile. Meastar go gcaitear tuairim is 7% de bhuiséid náisiúnta sláinte ar fud an Aontais ar ghalair a bhaineann le murtall gach bliain[9].

7. Chun na fadbhanna sláinte leanaí agus forbartha a chosc, ní mór gach leanbh (lena n-áirítear leanaí faoi mhíchumas) a spreagadh chun gníomhaíocht choirp a dhéanamh. Tá na blianta san oideachas agus sa chúram luath-óige (ECEC) tábhachtach mar gheall go bhforbraítear na príomhscileanna sa tréimhse sin. Tríd an súgradh agus tríd an ngníomhaíocht choirp, foghlaimíonn agus cleachtann leanaí na scileanna a bheidh ag teastáil uathu ar feadh a saol. Ní i gcónaí a thagann forbairt nádúrtha ar an bpróiseas foghlama dá ngairtear forbairt scileanna luaile. Dá bharr sin tá sé fíorthábhachtach go gcuirfear leis an bhfeasacht agus go gcruthófar deiseanna do leanaí le bheith gníomhach go fisiciúil.

---

6 Plean Gníomhaíochta AE maidir le Murtall Leanaí 2014-2020 (http://ec.europa.eu/health/nutrition_physical_activity/docs/childhoodobesity_actionplan_2014_2020_en.pdf)
7 COM (2005) 0637.
8 www.toybox-study.eu.
9 Plean Gníomhaíochta AE maidir le Murtall Leanaí 2014-2020.

8. Tá sé sainithe ag EDS gurb é an easpa gníomhaíochta coirp an ceathrú toisc riosca is mó do mhortlaíocht anabaí agus do ghalar ar fud an domhain[10]. Tuigtear go maith go bhfuil tairbhe le baint as an ngníomhaíocht choirp. Tá an ghníomhaíocht choirp ar cheann de na modhanna is éifeachtaí chun galair neamhthógálacha a chosc agus an murtall a chomhrac, agus chun stíl mhaireachtála shláintiúil a chothú[11]. Tá fianaise ag teacht chun solais freisin i dtaobh an chomhghaoil dhearfaigh atá ann idir an aclaíocht agus an tsláinte mheabhrach agus na próisis chognaíocha[12].

---

10 Moltaí Domhanda maidir le Gníomhaíocht Choirp don tSláinte, EDS, 2010

11 Lee IM, Shiroma EJ, Lobelo F, Puska P, Blair SN, Katzmarzyk PT, Sraith Mheitheal Lancet um Ghníomhaíocht Choirp. Tionchar na gníomhaíochta coirp ar mhórghalair neamhtheagmhálacha ar fud an domhain: anailís ar ualach an ghalair agus ar an ionchas saoil, Iúil 2012. Lancet.

12 Strong, WB, RM Malina, CJR Blimkie, SR Daniels, RK Dishman, B Gutin, AC Hergenroeder, A Must, PA Nixon, JM Pivarnik, T Rowland, S Trost, F Trudeau (2005), "Gníomhaíocht Fianaisebhunaithe Choirp do Dhaoine Óga ar Aois Scoile", Iris na Péidiatraice, 146(6):732-737.
Roinn na Stát Aontaithe don tSláinte agus do Sheirbhísí Daonna. Tuarascáil 2008 ón gCoiste Chomhairleach maidir le Treoirlíne i leith na Gníomhaíochta Coirp. (http://www.health.gov/paguidelines/Report/pdf/CommitteeReport.pdf.)
Staidéir Ollscoil Saint-Gallen a rinneadh in 2011.

Léiríodh i dtuarascálacha ó EDS[13] go gcothaíonn gníomhaíocht spóirt nó choirp ar bhonn rialta, atá measartha nó dian (60 nóiméad in aghaidh an lae do leanaí d'aois scoile agus trí huaire do leanaí atá páirteach in oideachas agus i gcúram na luath-óige (ECEC) [14]) togracht chun gníomhaíocht choirp a mhéadaíonn i rith óigeántachta agus aosachta[15]. Léiríodh i staidéir freisin gur fearr a éiríonn le leanaí ar bhonn acadúil nuair a thosaíonn siad ag déanamh aclaíochta ó aois óg, go mbíonn níos lú fadhbanna iompraíochta agus araíonachta acu agus go mbíonn siad in ann aird a thabhairt sa seomra ranga níos faide ná a bpiaraí[16].

9. Tá ról tábhachtach ag timpeallacht an oideachais sa chomhthéacs seo, agus leanaí ag glacadh páirte sa ghníomhaíocht choirp agus sa spórt ar scoil. Ar an gcúis sin, éascaíonn scoileanna agus múinteoirí gníomhaíocht choirp do leanaí, mar aon le hoideoirí a bhíonn i mbun oideachas luath-óige agus clubanna spóirt. I gcás leanaí, tá ról tábhachtach ag na tuismitheoirí, ag an teaghlach agus ag an bpobal i gcoitinne freisin.

---

13 Moltaí Domhanda maidir le Gníomhaíocht Choirp don tSláinte, Eagraíocht Dhomhanda Sláinte 2010 (http://apps.who.int/iris/bitstream/10665/44399/1/9789241599979_eng.pdf), Roinn na Stát Aontaithe don tSláinte agus do Sheirbhísí Daonna. Tuarascáil 2008 ón gCoiste Chomhairleach maidir le Treoirlíne i leith na Gníomhaíochta Coirp. (http://www.health.gov/paguidelines/Report/pdf/CommitteeReport.pdf.) Staidéir Ollscoil Saint-Gallen a rinneadh in 2011.

14 e.g. an Roinn um Sláinte agus Aosú: Treoirlínte maidir le Gníomhaíocht Choirp do Mhuintir na hAstráile. Canberra: Comhlathas na hAstráile: 2014 nó treoirlínte na Ríochta Aontaithe maidir le gníomhaíocht choirp agus an tSeirbhís Náisiúnta Sláinte (NHS) i Sasana: Treoirlínte maidir le gníomhaíocht choirp do leanaí (faoi bhun cúig bliana) (http://www.nhs.uk/Livewell/fitness/Pages/physical-activity-guidelines-for-children.aspx)

15 G.j. welk, J.C. Eisenmann, et J. Dolman, "Gníomhaíocht choirp a bhaineann leis an tsláinte i measc leanaí agus déagóirí: Peirspictíocht bhith-iompraíochta", Lámhleabhar an chorpoideachais, eagarthóirí D. Kirk, D. MacDonald agus M. O'Sullivan, Londain: Sage Publications Ltd., 2006, lch. 665-684

16 Trí Ghníomhaíocht Choirp, d'fhéadfaí cur le cumas leanaí aird a choimeád ar chúrsaíhttp://www.sciencedaily.com/releases/2009/03/090331183800.htm and "The Association between school-based physical activity, Including Physical education and academic performance" U.S. An Roinn um Sláinte agus Seirbhísí an duine Iúil 2010 http://www.cdc.gov/healthyyouth/health_and_academics/pdf/pa-pe_paper.pdf

10. De réir na saineolaithe, ba cheart gníomhaíocht choirp chuí do leanaí faoi bhun12 bhliain d'aois a shocrú ar bhonn aoisghrúpa[17]. I measc na ngníomhaíochtaí ag leibhéal an oideachais luath-óige agus ag an leibhéal bunscoile áirítear gníomhaíochtaí struchtúrtha agus neamhstruchtúrtha a chabhraíonn le leanaí scileanna amhail rith, léim agus caitheamh a fhorbairt.

11. Tá straitéisí éagsúla náisiúnta forbartha cheana féin**,** a bheag nó a mhór**,** ag roinnt Ballstát, chun forbairt scileanna luaile a spreagadh sa luath-óige agus gníomhaíochtaí coirp nó spóirt a spreagadh i measc leanaí faoi bhun 12, go príomha i gcomhar leis an earnáil spóirt agus le clubanna nó cónaidhmeanna spóirt.[18]

12. I gcomhréir lena shainordú, mhol an Sainghrúpa maidir le Gníomhaíocht Choirp ar mhaithe le Feabhsú Sláinte (HEPA XG) tacar moltaí i Meitheamh 2015 chun corpoideachas sna scoileanna a spreagadh, lena n-áirítear scileanna luaile sa luath-óige.

III. IARRANN SIAD AR NA BALLSTÁIT AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

13. Féachaint ar bheartais thrasearnálacha a chur chun feidhme, in éineacht leis na hearnálacha oideachais, óige agus sláinte i measc dreamanna eile, chun gníomhaíochtaí corpoideachais agus scileanna luaile a chur chun cinn sa luathóige agus na moltaí seo a leanas ó XG HEPA go háirithe á gcur san áireamh:

- Feasacht a mhúscailt maidir leis an tréimhse roimh fhreastal ar réamhscoil agus ar scoil mar dheis chun gníomhaíocht choirp a chur chun cinn do leanaí, eadhon trí scileanna luaile bunúsacha agus inniúlacht fhisiceach a fhorbairt.

---

17 Catagóirí a moladh faoin gcoincheap ó Cheanada maidir le Forbairt fhadtéarmach Lúthchleasaí (LTAD).

18 Mar shampla: An Fhrainc agus cónaidhmeanna ilspóirt (Ufolep, Usep) nó cónaidhmeanna spóirt indibhidiúil (gleacaíocht nó snámh) le traenáil speisialta do leanaí 0-6 bliana. San Ísiltír tá ranganna speisialta ar fáil do lapadáin i spórt amhail gleacaíocht nó snámh. San Ostair, tá sé mar aidhm ag an gclár "Kinder gesund bewegen" (Leanaí sláintiúla ag gluaiseacht) cur leis an gcomhar idir clubanna spóirt agus naíscoileanna/bunscoileanna agus stíl mhaireachtála ghníomhach a chur chun cinn trí ghníomhaíocht fhisiceach a chur ar fáil do leanaí idir 2 bhliain agus 10 mbliana d’aois.

- Na páirtithe leasmhara go léir san earnáil scoile agus seach-churaclaim (múinteoirí, cóitseálaithe, tuismitheoirí, etc.) a chur ar an eolas maidir leis an tábhacht a bhaineann le gníomhaíochtaí coirp agus spóirt atá feiliúnach do leanaí a fhorbairt.
- Caidreamh idir scoileanna agus eagraíochtaí ábhartha (eagraíochtaí spórt, eagraíochtaí sna hearnálacha sóisialta agus príobháideach, agus na húdaráis áitiúla) a chothú chun infhaighteacht gníomhaíochtaí seach-churaclaim a chur chun cinn agus a mhéadú.
- Scoileanna a spreagadh chun creat comhair a bhunú le heagraíochtaí spóirt agus soláthraithe áitiúla (náisiúnta) spóirt d'fhonn gníomhaíochtaí curaclaim agus seach-churaclaim a chur chun cinn agus infhaighteacht bonneagair agus trealaimh shábháilte d'ardchaighdeán le corpoideachas agus gníomhaíochtaí seach-churaclaim nó gníomhaíochtaí tar éis na scoile a áirithiú, agus maidir le feachtais áitiúla feasachta.
- Féachaint ar thionscnaimh chun údaráis áitiúla a spreagadh chun na coinníollacha a chruthú le go bhforbrófar iompar gníomhach go dtí an scoil agus ar ais.

14. Tionscnaimh do na páirtithe leasmhara go léir (múinteoirí, tuismitheoirí, scoileanna, clubanna, oideoirí, etc.) a spreagadh, agus tacaíocht a thabhairt do na tionscnaimh sin, ag na leibhéil iomchuí, a dhíríonn ar scileanna luaile cuí agus gníomhaíochtaí coirp a chur chun cinn.

15. Spórt agus gníomhaíochtaí coirp iomchuí a spreagadh ón aois is luaithe ar aghaidh chuig ECEC agus an oideachas bunscoile, i gcomhréir le riachtanais ar leith na leanaí agus i gcomhréir lena n-aoisghrúpaí, agus treoracha a chur ar fáil do theagascóirí/oideoirí.

16. Spreagadh a thabhairt chun úsáid a bhaint as múscailt feasachta agus faisnéis a chur ar fáil, ar an leibhéal náisiúnta**,** réigiúnach agus áitiúil, chun suim a chothú maidir le scileanna luaile agus gníomhaíochtaí corpoideachais do leanaí**:**

17. Tuismitheoirí, teaghlaigh agus an pobal i gcoitinne a spreagadh le dul i mbun gníomhaíochtaí coirp in éineacht lena leanaí agus na háiseanna iomchuí á n-úsáid acu (m.s. raonta rothar agus clóis súgartha sábháilte).

18. Féachaint ar thacaíocht a thabhairt do thionscnaimh chun feabhas a chur ar bhonneagar spóirt do leanaí laistigh de na hinstitiúidí oideachais go háirithe, agus ag an am céanna comhar a chothú idir scoileanna agus clubanna spóirt maidir le trealamh agus saoráidí a chur ar fáil do leanaí ar an leibhéal áitiúil.

19. Féachaint ar dhreasachtaí a chur ar fáil d'eagraíochtaí agus do chlubanna spóirt, do scoileanna, d'fhorais oideachais, d'ionaid don ógra agus d'eagraíochtaí pobail agus deonacha eile a chuireann gníomhaíochtaí coirp do leanaí chun cinn.

IV. IARRANN SIAD AR UACHTARÁNACHT CHOMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH, AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN, INA RÉIMSÍ INNIÚLACHTA FAOI SEACH, AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH:

20. Moltaí an Ghrúpa Saineolaithe (XG) maidir le gníomhaíocht choirp ar mhaithe le feabhsú sláinte (HEPA) a thabhairt dá n-aire mar bhonn do ghníomhaíocht bhreise pholaitiúil ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát araon, os rud é go bhfuil fíricí fianaise-bhunaithe agus treoracha praiticiúla sna moltaí sin.

21. Comhar a threisiú idir na réimsí beartais atá freagrach as scileanna luaile agus corpoideachas do leanaí a chur chun cinn, i gcomhréir leis na moltaí ón nGrúpa Saineolaithe maidir le gníomhaíocht choirp ar mhaithe le feabhsú sláinte, go háirithe na hearnálacha spóirt, sláinte, oideachais, óige agus iompair.

22. Ag féachaint don tSeachtain Eorpach Spóirt, smaoineamh ar bhéim speisialta a chur ar thionscnaimh a thacaíonn le gníomhaíochtaí spóirt ar scoil agus gníomhaíochtaí spóirt sheach-churaclaim agus a chuireann na gníomhaíochtaí sin chun cinn.

23. Nuair is iomchuí, cur chun feidhme na gcóras náisiúnta faireacháin, staidéir nó measúnachtaí a chur chun cinn d'fhonn leibhéil ghníomhaíochta coirp agus nósanna leanaí a shainaithint.

24. Machnamh a dhéanamh ar conas is féidir aghaidh a thabhairt ar fhorbairt scileanna luaile a chur chun cinn sa luath-óige agus straitéisí chun an stíl mhaireachtála neamhghníomhach a dhíspreagadh i measc leanaí ar bhealach níos éifeachtaí i gcomhthéacs na hoibre a bheidh le déanamh ar leibhéal an Aontais.

25. Tacaíocht airgeadais a spreagadh do thionscnaimh a bhaineann le scileanna luaile agus corpoideachas, trí chláir an Aontais atá ann cheana, amhail Erasmus + agus Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa agus is díol sásaimh di faisnéis bhreise ón gCoimisiún maidir le cláir chistiúcháin an Aontais a chur i bhfeidhm ar mhaithe leis an spórt.

V. IARRANN SIAD AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

26. Dea-chleachtais maidir le scileanna luaile agus corpoideachas do pháistí i gcomhthéacs an Aontais a chur chun cinn agus tacú lena roinnt.

27. Feabhas a chur ar an mbonn fianaise trí thacú le bailiú sonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla[19] a bhaineann le gníomhaíocht choirp, maidir le táscairí corpacmhainne agus le rannpháirtíocht leanaí sa spórt laistigh agus lasmuigh de ECEC nó scoileanna, i ndlúthchomhar le EDS.

---

[19] Bunaithe ar an gcreat faireacháin atá sainmhínithe i Moladh ón gComhairle maidir le HEPA (25 Samhain 2013).

28. Treoirlínte maidir le gníomhaíocht choirp a fhorbairt maidir le leanaí atá i suímh ECEC, scoileanna agus clubanna spóirt, i gcomhar le saineolaithe eolaíochta, lena n-áirítear EDS, atá dírithe ar lucht déanta beartas, ar na húdaráis áitiúla, ar thuismitheoirí, ar an teaghlach agus ar an bpobal níos leithne.

VI. IARRANN SIAD AR AN nGLUAISEACHT SPÓIRT MACHNAMH A DHÉANAMH AR AN MÉID SEO A LEANAS:

29. Réimse de ghníomhaíochtaí spóirt neamhiomaíocha a thairiscint a bheadh oiriúnach do leanaí, in oiriúint don leibhéal iomchuí, d'fhonn a sláinte agus a bhforbairt phearsanta a fheabhsú.

30. Tacú le heagrú gníomhaíochtaí lena gcuirfí chun cinn gníomhaíochtaí spóirt ar scoil agus gníomhaíochtaí spóirt sheach-churaclaim chomh maith le scileanna luaile sa luath-óige, lena n-áirítear i gcomhthéacs na Seachtaine Eorpaí Spóirt.

31. Cur le forbairt na ndlúth-chomhpháirtíochtaí, na gcomhchuspóirí agus na bhfeachtas cumarsáide leis na bardais, na pobail, agus leis an earnáil oideachais, earnáil na hóige, an earnáil sláinte, i measc nithe eile, maidir le stíl mhaireachtála neamhghníomhach a chomhrac trí spórt a chur chun cinn laistigh agus lasmuigh den scoil.

32. Gealltanas níos láidre a thabhairt maidir le tionscnaimh spóirt agus le tionscnaimh ghníomhaíochta coirp a chur chun cinn, arb é is aidhm dóibh stíl mhaireachtála neamhghníomhach i measc leanaí a chomhrac trí bhíthin comhpháirtíochtaí agus comhar leis an earnáil phríobháideach agus phoiblí.

## Cúlra polaitiúil

1. Bliain Eorpach an Oideachais trí Spórt (EYES 2004), lenar cuireadh béim ar ról an spóirt san oideachas agus lenar tugadh aird ar an ról sóisialta uileghabhálach atá ag an spórt;

2. An Páipéar Bán maidir le Spórt an 11 Iúil 2007 a thíolaic an Coimisiún Eorpach, lenar cuireadh i bhfáth a thábhachtaí atá gníomhaíocht choirp agus lenar tugadh le fios go spreagann an t-am a chaitear ar ghníomhaíochtaí spóirt ar scoil agus ar an ollscoil buntáistí sláinte agus oideachais, ar gá feabhas a chur orthu[20].

3. Straitéis don Eoraip maidir le saincheisteanna sláinte a bhaineann le cothú, le ró-mheáchan agus le murtall a ghlac an Coimisiún Eorpach in 2007,[21] lenar spreagadh gníomhaíocht choirp agus lenar tugadh tús áite do leanaí agus do ghrúpaí socheacnamaíocha ísle, agus ag an am céanna é á chur i bhfáth gur *tréimhse thábhachtach í an óige maidir le tosaíocht a thabhairt d'iompar sláintiúil agus leis an iompar sin a chothú, agus maidir leis na scileanna saoil is gá a fhoghlaim chun stíl shláintiúil mhaireachtála a chothabháil. is léir go bhfuil ról fíorthábhachtach ag scoileanna ina leith sin*[22].

4. An Tuarascáil ó Pharlaimint na hEorpa an 30 Deireadh Fómhair 2007 maidir leis an ról atá ag an spórt san oideachas[23] agus an rún den teideal céanna a tháinig ina diaidh agus inar iarradh ar na Ballstáit agus ar na húdaráis inniúla a áirithiú go leagfaí tuilleadh béime ar fhorbairt na sláinte i gcláir mhúinte do scoileanna agus do naíonraí trí fhoirmeacha sonracha gníomhaíochta coirp a bheadh oiriúnach don dara grúpa aois sin a spreagadh.

---

[20] COIM(2007)391 críochnaitheach.
[21] COIM(2007)279 críochnaitheach.
[22] http://ec.europa.eu/health/ph_determinants/life_style/nutrition/documents/nutrition_wp_en.pdf
[23] A6-0415/2007.

5. An Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach an 18 Eanáir 2011 "An Ghné Eorpach den Spórt a Fhorbairt", lenar aithníodh gur gá *tacú le tionscnaimh nuálacha faoin gClár Foghlaim Feadh an tSaoil a bhaineann le gníomhaíocht choirp ar scoil*[24].

6. "Dearbhú Bheirlín" (MINEPS V) a glacadh ag Comhdháil na nAirí Spóirt an 28-30 Bealtaine 2013 " *Lenar cuireadh i bhfios gur pointe riachtanach iontrála do leanaí é an corpoideachas chun scileanna saoil a fhoghlaim agus chun patrúin maidir le páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí coirp ar feadh an tsaoil agus maidir le hiompar a bhaineann le stíl shláintiúil mhaireachtála a fhorbairt"* agus lenar cothaíodh "*an ról tábhachtach atá ag spórt seach-churaclaim idirghabhálach ar scoil maidir leis an luathfhorbairt agus maidir le hoideachas a chur ar leanaí agus ar dhaoine óga"*.

7. Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Murtall Leanaí 2014-2020 a sheol an Coimisiún Eorpach in 2014[25]. I measc na n-ocht bpríomhréimse gníomhaíochta, leag an Coimisiún Eorpach béim ar thimpeallachtaí a bheadh níos folláine a chur chun cinn, go háirithe i scoileanna agus i naíonraí, agus freisin ar an ngníomhaíocht choirp a spreagadh.

---

[24] COIM(2011)12 críochnaitheach.

[25] An 24 Feabhra 2014 (arna nuashonrú an 12 Márta agus an 28 Iúil 2014).